# **Teastais Phóilíní– Ceisteanna Coitianta:**

C. **Cén fáth a n-eisítear Teastais Phóilíní?**

F. Údaráis Chonsalacha Eachtracha, Víosaí Eachtracha & Gnó a Bhunú i Stát AE eile.

C. **Conas a chuirim iarratas isteach?**

F. Ba chóir duit foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach in éineacht le cóip dheimhnithe de do phas, do cheadúnas tiomána nó a leithéid chun críocha aitheantais agus cruthúnas ar do sheoladh agus nó seoltaí roimhe seo sa phost.

C. **Cá ndéanfaidh mé iarratas?**

F. Ceannfort agus/nó Príomhoifigeach Cúnta sa Rannán ina gcónaíonn an t-iarrthóir ábhartha, nó a raibh cónaí air roimhe sin, i bPoblacht na hÉireann.

C. **Má tá cónaí orm i dTuaisceart Éireann, an féidir liom iarratas a dhéanamh ar Theastas Póilíní i bPoblacht na hÉireann?**

F. Ní féidir, moltar duit teagmháil a dhéanamh le do stáisiúin áitiúil Seirbhís Póilíneachta Tuaisceart Éireann (SPTÉ) chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an bpróiseas i dTuaisceart Éireann.

C. **An ionann Teastais Phóilíní agus Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána?**

F. Ní hionann iad, NÍ FÉIDIR Teastas Póilíní a fhorléiriú mar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, imréiteach slándála nó teistiméireacht charachtair. Ní dhéantar Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána do dhaoine ach ar bhonn aonair. Ní dhéantar é ach maidir le pearsanra atá ag obair i gcáil lánaimseartha, páirtaimseartha, deonach nó i gcáil socrúcháin mac léinn i bpost in eagraíocht, trína bhfuil rochtain gan mhaoirseacht acu ar leanaí agus/nó aosaigh leochaileacha. Ní féidir foirmeacha iarratais grinnfhiosrúchán Garda a fháil ach ó eagraíocht atá cláraithe le Láraonad Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána chun grinnfhiosrúchán a dhéanamh ar a bhfostaithe ionchasacha.

C. **An bhfuil aon táille ar iarratas a dhéanamh?**

F. Níl, eisítear an Teastas Póilíní saor in aisce agus tógfaidh sé timpeall trí seachtaine é a phróiseáil.